Meath ar Ainmneacha Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin meath atá tagtha ar ainmneacha Gaeilge ar pháistí nuabheirthe. Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Cén t-ainm is coitianta, dar leat, a tugadh ar bhuachaillí i 2010?

Cén t-ainm is coitianta, dar leat, a tugadh ar chailíní i 2010?

An maith leat ainmneacha Gaelacha?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

comórtas	wrong
buaiteoir	filling
ainmneacha baiste	cultural
gan stró	vacancy
éagsúil	winner
mícheart	Christian names
cultúrtha	with ease
ag líonadh	nursery
folúntas	different
naíolann	competition

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén nuachtán a rinne an liosta seo?
2. Cén t-ainm buachalla a tháinig ar bharr liosta na mbuachaillí?
3. Cén fáth ar roghnaigh an bhean sa sliocht an t-ainm ‘Luke’?
4. Luaitear beirt aisteoir sa sliocht. Cé hiad?
5. Cén t-ainm a tháinig ar an liosta don chéad uair i mbliana?

Ceist 4 ***'****atá* ***curtha*** *le chéile'*

'go bhfuil meath ***tagtha*** *ar na hainmneacha Gaelacha'*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist le '*curtha*' agus '*tagtha*' thuas?

Déan iarracht an leagan ceart den bhriathar atá idir lúibíní a úsáid.

1. Tá m'obair bhaile (déan) agam.
2. Níl (ól) agam ach dhá dheoch.
3. An bhfuil aon rud (ith) agaibh?
4. Tá go leor (léigh) agam le mí anuas.
5. Níl an scannán sin (feic) aige fós!
6. An bhfuil an gúna nua (ceannaigh) aici?
7. Tá súil agam go bhfuil an chistin (glan) agus na gréithe (nigh).
8. An bhfuil aon rud (abair) ag an Taoiseach faoi?
9. Cá bhfuil an cáca a bhí (fág) ar an mbord?
10. Tá mo charr (bris)

Ceist 5 Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí leis na focail thíos

Tá_____ tagtha ar ainmneacha _____Gaeilge, sin de réir liosta na_____ ba mhó a raibh tóir orthu i 2010 a d'fhoilsigh an Irish Times inniu. James an _____is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010 de réir an_____ agus bhí Anna, Lucy, Grace agus Lilly ar na hainmneacha ba choitianta ar _____.

(t-ainm, n-ainmneacha, baiste, meath, chailíní, liosta)

Ceist 6 Pléigh an ráiteas seo leis an duine in aice leat nó mar dhíospóireacht ranga.

'Ba cheart go mbeadh muintir na hÉireann ag úsáid ainmneacha Gaelacha agus an leagan Gaeilge dá sloinnte'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó iad a phlé sa rang.

Ceist 2

comórtas	competition
buaiteoir	winner
ainmneacha baiste	Christian names
gan stró	with ease
éagsúil	different
mícheart	wrong
cultúrtha	cultural
ag líonadh	filling
folúntas	vacancy
naíolann	nursery

Ceist 3

1. Is é an ‘Irish Times’ a rinne an liosta seo.
2. Tháinig ‘James’ ar bharr liosta na mbuachaillí.
3. Mar cheap sí nach mbeadh ‘mórán Lukes ann’.
4. Luaitear Tom Cruise agus Katie Holmes.
5. Tá Suri ar an liosta den chéad uair i mbliana.

Ceist 4 Seo sampla den Aidiacht Bhriathartha

1. Tá m'obair bhaile **déanta** agam.
2. Níl **ólta** agam ach dhá dheoch.
3. An bhfuil aon rud **ite** agaibh?
4. Tá go leor **léite** agam le mí anuas.
5. Níl an scannán sin **feicthe** aige fós!
6. An bhfuil an gúna nua **ceannaithe** aici?
7. Tá súil agam go bhfuil an chistin **glanta** agus na gréithe **nite**.
8. An bhfuil aon rud **ráite** ag an Taoiseach faoi?
9. Cá bhfuil an cáca a bhí **fágtha** ar an mbord?
10. Tá mo charr **briste.**

Ceist 5 Tá **meath** tagtha ar ainmneacha **baiste** Gaeilge, sin de réir liosta na **n-ainmneacha** ba mhó a raibh tóir orthu i 2010 a d'fhoilsigh an Irish Times inniu. James an **t-ainm** is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010 de réir an **liosta** agus bhí Anna, Lucy, Grace agus Lilly ar na hainmneacha ba choitianta ar **chailíní**.

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Éimear Ní Chonaola

Tá meath tagtha ar ainmneacha baiste Gaeilge, sin de réir liosta na n-ainmneacha ba mhó a raibh tóir orthu i 2010 a d'fhoilsigh an Irish Times inniu. James an t-ainm is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010 de réir an liosta agus bhí Anna, Lucy, Grace agus Lilly ar na hainmneacha ba choitianta ar chailíní.

Caoimhe Ní Laighin

Ó thaobh na mbuachaillí de, ba bhuaiteoir gan stró é James i 2010 i gcomórtas na n-ainmneacha baiste. Lean Max, Hugo agus Patrick, Oliver, Ben agus Luke ina dhiaidh.

Ach i measc na gcailíní bhí iomaíocht ghéar don spota is fearr. Chríochnaigh Anna, Lucy, Grace agus Lilly chun cinn agus lean leithéidí Alice, Emily agus Sarah. B'shin de réir an liosta atá curtha le chéile ag an Irish Times atá bunaithe ar na fógraí breithe a d'fhoilsigh siad anuraidh. Tá an liosta seo éagsúil ar fad ón liosta oifigiúil a chuireann an Phríomhoifig Staidrimh le chéile.

Sa naíolann seo i mBaile Átha Cliath tá dhá cheann de na hainmneacha is mó a bhfuil tóir orthu ar na buachaillí. Ben atá deich mí d'aois agus Luke atá aon mhí dhéag d'aois.

Darragh Hennessy

Phioc mé an t-ainm mar cheap mé nach raibh mórán Lukes ann, ach is cosúil go raibh mé mícheart.

Caoimhe Ní Laighin

Ach tá rud amháin in easnamh anseo. An amhlaidh go bhfuil meath tagtha ar na hainmneacha Gaelacha?

Barry Kealy, *Tony Kealy Prams*

Déanaimid suas "specialised name plates" (sain-ainmchláir) anseo agus cinnte tugaim faoi deara nach bhfuil mórán daoine ag iarraidh "name plates" (ainmchláir) as Gaeilge

Caoimhe Ní Laighin

B'fhéidir go bhfuil dearmad déanta ar na hainmneacha Gaelacha ach ná bíodh eagla orainn - tá Tom Cruise agus Katie Holmes ag líonadh an fholúntais chultúrtha sin! Den chéad uair riamh bhí an t-ainm Suri ar an liosta.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath